During 2004, 157 new ISSNs were assigned and 194 new and amended records were exported to the International Centre.

A total of 1,799 contacts (by telephone, fax, email and in person) with publishers were recorded. These contacts also frequently provide an opportunity to remind publishers of their obligations under the legal deposit provisions of the Copyright Act, 1963.

In July, the Irish ISSN Centre began testing the new Virtua software system which has been adopted by the Governing Board of the ISSN Network as the new operating system for the ISSN international database. The Irish Centre will be the first to change fully to Virtua, which will go live early in 2005.

Photographs - Several albums were added to the online catalogue. The Connemara Album was digitised and catalogued; it is an excellent companion collection to the Congested District Board collection that is already available online. The Wynne Album, another important resource for the west of Ireland, and a Robert Welch album were also digitised and added to the online catalogue as was the John's Lane Album, a fascinating record of inner city Dublin in the 1880s. The important collection of John Shaw Smith prints which record a trip to Egypt, Palestine and Europe in the early 1850s, and images relating to the *Fadographs of a Yestern Scene* exhibition were also digitised and catalogued.



- Páipéir Fheis Cheoil (Liosta Uimh 92) comh-dhéanta de chorpas mór taifead den Fheis Cheoil, 1897-1972.
- Páipéir Michael Collins (Liosta Uimh 93) comh -dhéanta den chuid is mó de chomhfhreagras nua-aimseartha agus míreanna comórtha a bhaineann leis an nGinearál Michael Collins arna chruthú agus arna bhailiú ag a nia Michael Collins as Woodfield, Contae Phort Láirge.
- Páipéir Bhantracht na Tuaithe (Liosta Uimh 76) mórbhailiúchán de thaifid an ICA, lena n-áirítear taifid na Príomhoifige, taifid Chonaidhme agus taifid an Chumainn.
- Páipéir Benedict Kiely (Liosta Uimh 80) comh-dhéanta de mhórbhailiúchán de lámhscríbhinní liteartha agus comhfhreagras de chuid an úrscéalaí Benedict Kiely
- Páipéir Amharclann Lantern (Liosta Uimh 87) bailiúchán suntasach a bhaineann le léiriúcháin na hAmharclainne, 1957-1975.
- Páipéir Lú (Liosta Uimh 90) mórbhailiúchán de pháipéir eastáit agus teaghlaigh de chuid an teaghlaigh Plunkett, Barúin Lú, ó Halla Lú, Contae Lú, 1548-1941.
- Páipéir Patricia Lynch agus R.M Fox (Liosta Uimh 79) eadhon páipéir Patricia Lynch (1898-1972) údar scéalta do leanaí a bhí lonnaithe den chuid is mó in Éirinn agus páipéir a fearchéile, R M (Richard Michael) Fox (1891-1969) staraí, iriseoir agus sóisialach.
- Páipéir an Oirmhinnigh Terence McCaughey (Liosta Uimh 86) a bhaineann leis an bpáirt a bhí aige i nGluaiseacht Fhrith-Apartheid na hÉireann.
- Páipéir Sheehy Skeffington (Liosta Uimh 82) mórbhailiúchán de pháipéir, idir pholaitiúil, shóisialta agus liteartha, de chuid Francis agus Owen Sheehy Skeffington.

Chomh maith leis sin ullmhaíodh taifid do 170 bailiúchán níos lú agus míreanna aonair.

Ag deireadh na bliana bhí na bailiúcháin seo a leanas á liostú: Páipéir De Vesci (anois Liosta Uimh 89); Páipéir Amharclann Focus; Páipéir Farnham (anois Liosta Uimh 95); Páipéir Leasa Móire; Páipéir Hilton Edwards agus Mhicheál Mac Liammóir; Páipéir Seán O'Mahony; Páipéir Sheey-Skeffington (breise); Páipéir Theach Chathair na Mart; Páipéir Chill Chainnigh; Páipéir W B Yeats (breise, óna leabharlann – anois Liosta Uimh 96).

Tréimhseacháin - Is 140 ar an iomlán an líon tréimhseachán a ndearnadh catalógú orthu don bhliain. Rinneadh 84 leasú eile ar na taifid a bhí cheana ann. Den 140 taifead nuachruthaithe, bhí dáta tosaigh de 2004 ag 66 díobh, 2003 ag 42, 2002 ag 4, 2001 ag 1 agus 2000 ag 3 faoi seach agus bhí dáta tosaigh a bhí roimh an mbliain 2000 ag 25 díobh.

Ionad ISSN na hÉireann - Tá Ionad ISSN na hÉireann freagrach as ISSNanna (Sraithuimhreacha Caighdeánacha Idirnáisiúnta) a leithdháileadh ar gach sraitheachán a fhoilsítear i bPoblacht na hÉireann agus tá sé freagrach as taifid do na teidil sin a sheoladh chuig an Ionad ISSN Idirnáisiúnta i bPáras. Faoi dheireadh na bliana bhí 4,256 taifead ar bhunachar sonraí Ionad na hÉireann.

I rith 2004, sannadh 157 ISSN nua agus cuireadh 194 taifead nua agus leasaithe chuig an Ionad Idirnáisiúnta.

Taifeadadh 1,799 teagmháil (le teileafón, faics, ríomhphost agus i bpearsa) le foilsitheoirí. Is minic go dtugann na teagmhálacha sin deis a ndualgas faoin Taisceadh Dlíthiúil, lena n-áirítear leabhair a thaisceadh, a mheabhrú d'fhoilsitheoirí.

I mí Iúil, chuir Ionad ISSN na hÉireann tús le tástáil ar chóras bogearra nua Virua atá glactha ag Bord Ceannais an Líonra ISSN mar an córas nua oibríochta don bhunachar sonraí idirnáisiúnta ISSN. Beidh Ionad na hÉireann ar an gcéad ionad a athróidh go hiomlán go Virtua, a rachaidh beo i 2005.

Page 48
One of the images from the "John's Lane Album" in the National Photographic Archive, which was digitised in 2004

Page 49
One of the John Shaw Smyth images from the early 1850's which was digitised in 2004 as part of the National Photographic Archives online access programme

Prints and Drawings - Cataloguing of the Joseph Holloway Collection of original drawings, most of which relate to Irish theatrical life and to the Abbey Theatre in particular, was undertaken during the year; this collection of some 500 works is in the process on being listed online.

A programme to sort the very extensive collection of printed cartoons and political satires, the bulk of which date from the late 1700s to the 1850s, commenced in 2004. All works were checked against the British Museum's catalogue (the standard reference work), and identical and Dublin copies were identified. Rare Irish and English published prints not in the British Museum's collection were also identified, and lists for both compiled.

Official Publications - Work commenced in 2004 on a retrospective cataloguing programme of Irish government publications. This project, which is more than halfway through completion, should serve as an effective replacement for the annual Stationery Office lists which the Library has previously relied upon as finding aids for this material.

Ephemera - The Library has over 150,000 items in its collection of ephemera, i.e. material intended for some transient purpose such as brochures, posters, flyers and theatre programmes. Catalogue records already exist for some 1,200 items (mostly historical proclamations and theatrical posters). A number of solutions are being applied to the creation of bibliographic records for the vast number of uncatalogued items in the ephemera collection. Searchable databases linked to a collection level catalogue record for large and unique collections such as the Holloway collection of theatrical ephemera and the collection of calendars, combined with individual catalogue records for historically significant items will ensure progress towards making the material accessible to the public.

A database for the Holloway collection was constructed during 2004 and work on inputting the first items, which relate to the Abbey Theatre, was begun. Significant progress was made in the development of a cataloguing worksheet for ephemera.

A large number of theatrical posters, which formed part of the De Búrca collection of manuscripts, was transferred from the Department of Manuscripts. An accompanying printed list of these posters, arranged alphabetically by theatre, is available for consultation.

Grianghraif - Cuireadh roinnt albam leis an gcatalóg ar-líne. Rinneadh digitiú agus catalógú ar Albam Chonamara. Is bailiúchán coimhdeachta den scoth é do bhailiúchán Bhord na gCeantar Cúng atá ar fáil ar-líne cheana féin. Rinneadh digitiú ar Albam Wynne, acmhainn thábhachtach eile d'iarthar na hÉireann, agus ar albam Robert Welch agus cuireadh leis an gcatalóg ar-líne iad faoi mar a rinneadh le hAlbam John Lane, taifead meallacach ar lár chathair Bhaile Átha Cliath sna 1880idí. Rinneadh digitiú agus catalógú freisin ar bhailiúchán tábhachtach priontaí John Shaw Smith a thaifeadann turas go dtí an Éigipt, an Phalaistín agus an Eoraip i dtús na 1850idí mar aon le híomhánna a bhaineann leis an taispeántas *Fadographs of a Yestern Scene*.

Priontaí agus Líníochtaí - Rinneadh catalógú ar Bhailiúchán Joseph Halloway de líníochtaí bunaigh, a mbaineann a bhformhór le saol amharclannaíochta na hÉireann agus Amharclann na Mainistreach go háirithe, i rith na bliana agus táthar i mbun an bhailiúcháin seo de 500 saothar a liostú ar-líne faoi láthair.

Cuireadh tús i 2004 le clár chun an bailiúchán an-mhór de chartúin chlóite agus d'aoir pholaitiúla, a bhfuil dáta luaite leis an gcuid is mó díobh ó dheireadh na 1700idí gó dtí 1850idí. Seiceáladh na saothair go léir le catalóg Mhúsaem na Breataine (an saothar tagartha caighdeánach), agus sainaithníodh cóipeanna comhionanna agus cóipeanna Bhaile Átha Cliath. Sainaithníodh priontaí clóite neamhchoitianta Éireannacha agus Sasanacha nach bhfuil i mbailiúchán Mhúsaem na Breataine freisin, agus tiomsaíodh liostaí dóibh araon.

Foilseacháin Oifigiúla - Cuireadh tús i 2004 le clár catalógaithe shiarghabhálaigh d'fhoilseacháin Rialtas na hÉireann ar an gcatalóg ar-líne. Ba chóir go bhfónfadh an tionscadal seo, a bhfuil os cionn 50% de críochnaithe, le teacht go héifeachtach in áit liostaí bliantúla Oifig an tSoláthair a raibh an Leabharlann ag brath orthu roimhe seo mar áis fála don ábhar seo.

Ábhar Breacshaolach - Tá os cionn 150,000 mír ag an leabharlann ina bailiúchán d'ábhar breacshaolach, eadhon, ábhar a bhí beartaithe chun críche sealadaí ar nós bróisiúir, póstaeir, bileoga eolais agus cláir amharclainne. Is ann do thaifid chatalóige cheana do thart ar 1,200 mír (forógraí stairiúla agus póstaeir amharclainne den chuid is mó). Tá roinnt réitigh curtha i bhfeidhm maidir le taifid bhibleagrafaíochta a chruthú do líon ollmhór míreanna sa bhailiúchán d'ábhar breacshaolach nach bhfuil catalógú déanta orthu. Cinnteoidh bunachair sonraí inchuardaigh a bheidh nasctha le taifead catalóige ag leibhéal bailiúcháin do bhailiúcháin mhóra agus uathúla – ar nós bailiúchán Holloway d'ábhar breacshaolach amharclannaíochta agus bailiúchán na bhféilirí – i dteannta le taifid chatalóige aonair do mhíreanna a bhfuil tábhacht stairiúil leo, go ndéanfar dul chun cinn i dtreo rochtain a bheith ag an bpobal ar an ábhar.

I 2004, cruthaíodh bunachar sonraí do bhailiúchán Holloway agus cuireadh tús leis an obair ar na chéad mhíreanna, a bhaineann le hAmharclann na Mainistreach, a ionchur. Rinneadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt bhileog oibre catalógaithe don ábhar breacshaolach.

Aistríodh lear mór póstaeir amharclainne, a bhí mar chuid de bhailiúchán lámhscríbhinní De Búrca, ón Roinn Lámhscríbhinní. Tá fáil ar liosta clóite de na póstaeir sin, cóirithe in ord aibítre de réir amharclainne, le féachaint orthu.

IMAGES OF DUBLIN TAKEN BY JAMES TALBOT-POWER IN THE 1880'S AND 1890'S (AND ASSEMBLED IN THE "JOHN LANE ALBUM")

05

Office of the Chief Herald

Nine grants of arms were prepared by the Office during the year and were awaiting the appointment of a new Chief Herald for issue under signature and seal. By the close of 2004, a further 24 applications were in progress.

A total of €45,418 was received in fees relating to applications for grants of arms.

A total of 19 preliminary paintings – artwork prepared for clients prior to work on final documents – were prepared in 2004. Nine entries into the Register of Arms were made; five exemplifications (full-colour paintings) of existing arms and four pieces of black and white line art were also made.

The 'back register' project, whereby new hardcopy artwork is being created from the Registers of Arms maintained between the 1930s and 1980s, saw the completion of more than 70 new entries. Many of these Registers contain only black and white copies of the original documents issued during this period; the new artwork, which will eventually be digitised, will be of great value to both the Office staff and public alike. The production of associated metadata in the form of a database has been initiated to facilitate the development of the digital resource.

The output of the herald painters was augmented by their involvement in a variety of other projects throughout 2004, including undertaking the design, calligraphy, gilding and sealing of 36 vellum certificates presented to EU heads of state and government by the Taoiseach on 1 May 2004; these certificates accompanied a gift to each head of state. Income received from to this project totalled €8,585. The Department of Justice also sought assistance from the Office with the creation of a certificate for the Europol Management Board; the certificate was presented by the Department of Justice to its counterparts in the Netherlands at the end of the Irish EU Presidency. The Library's Department of Printed Books commissioned a new bookplate in connection with the Michael J O'Neill collection. Work also continued on the Congress Roll of Arms, recording the arms of, or associated with, delegates to the XXVth International Congress of Genealogical and Heraldic Sciences held in Dublin in 2002. Over 70 new entries were added and all shields are now completed.

Education, outreach and events

In January, Fergus Gillespie was interviewed by the BBC, on heraldic insignia.

In April, the heads of the National Archives of Belgium, Latvia and the National Archives of England and Wales paid a visit to the Office.

In May, Fergus Gillespie, Katy Lumsden and Micheál Ó Comáin attended a civic reception in Ballybay, Co Monaghan at which the newly created coat of arms for Ballybay was presented. Later in the same month, Fergus Gillespie gave a lecture on heraldry to a group from the Sligo Genealogy Congress.

In June Micheál Ó Comáin gave a lecture to a group of students from Arizona, USA on heraldry and later in the same month Catherine Fitzpatrick, Coppermine Herald at the Canadian Heraldic Authority paid a one-day visit to the Office.

In September, Katy Lumsden delivered a lecture on behalf of Anthony Wood, President of the Society of Heraldic Arts at the XXVIth International Congress of Genealogical and Heraldic Sciences held in Bruges.

In December, Katy Lumsden organised and facilitated a two-day workshop on heraldic art for a group of art and craft students from Germany.

05

Oifig an Phríomh-Arailt

D'ullmhaigh an Oifig naoi ndoiciméad i mbliana. Níl an Oifig i riocht doiciméid a eisiúint go dtí go mbeidh Príomh-Aralt nua ceaptha, agus tá na doiciméid sin dá bhrí sin ag feitheamh ar shíniúchán agus séala. Faoi dheireadh 2004 bhí 24 iarratas eile idir lámha.

Fuarthas €45,418 ar an iomlán i dtáillí a bhain le hiarratias ar dheonú armais.

Ullmhaíodh naoi déag péintéireacht tosaigh, saothar ealaíne a cuireadh ar fáil do chliaint roimh an obair ar na doiciméid deiridh. Rinneadh naoi n-iontráil sa Chlár Armais, chomh maith le cúig shampla, nó péintéireacht lándaite, d'armais atá cheana ann agus ceithre phíosa de líníocht shimplí dubh agus bán.

Leis an tionscadal 'cúlchlár', lena bhfuil saothar ealaíne cruachóipe á chruthú ó na Cláir Armais a coinníodh idir na 1930idí agus na 1980idí, tugadh os cionn seachtú iontráil nua chun críche. Is cóipeanna dubh agus bán amháin de na doiciméid bhunaidh a eisíodh le linn na tréimhse sin atá i go leor de na Cláir sin agus beidh fiúntas mór sa saothar ealaíne nua seo, a dhéanfar a dhigitiú i ndeireadh thiar, don fhoireann agus don phobal araon. Ag meabhrú go ndéanfar digitiú i ndeireadh thiar, tá tús curtha le is na meiteashonraí bhainteacha a tháirgeadh i bhfoirm bhunachar sonraí.

Méadaíodh aschur Phéintéirí Arailt trína rannpháirtíocht i dtionscadail éagsúla i rith 2004. Ina measc sin bhí an tionscadal mór le rá tabhairt faoi dhearadh, pheannaireacht, órú agus séalú 36 theastas veillim a bhronn an Taoiseach ar cheannairí Stáit agus Rialtais an AE an 1 Bealtaine 2004 i dteannta le bronntanas d'ábhar airgid Éireannach do gach duine díobh. B'éigean ainmchártaí a dhéanamh freisin do gach bosca bronnta. Is €8,585 a bhí san ioncam a fuarthas i ndáil leis an tionscadal sin. Lorg an Roinn Dlí agus Cirt cúnamh freisin ón Oifig chun teastas a chruthú do Bhord Bainistíochta Europol a bhí le tabhairt ar láimh ag an Roinn Dlí agus Cirt dá macasamhail féin san Ísiltír ag deireadh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Choimisiúnaigh an Roinn Leabhar Clóite leabharshuaitheantas nua ón Oifig le húsáid le bailiúchán Michael J O'Neill. Leanadh den obair freisin ar Rolla Armais na Comhdhála, ag taifeadadh armas thoscairí an XXVú Comhdháil Idirnáisiúnta d'Eolaíochtaí Ginealais agus Araltais, nó an armais a bhain leo, a tionóladh i mBaile Átha Cliath i 2002. Cuireadh os cionn 70 iontráil nua isteach agus tá na sciatha go léir críochnaithe anois.

Oideachas agus For-rochtain

In Eanáir thug Fergus Gillespie, Coimeádaí, agallamh don BBC ar Shuaitheantais Araltais.

Thug cinn Chartlann Náisiúnta na Beilge agus Laitvia agus Chartlann Náisiúnta Shasana agus na Breataine Bige cuairt ar Oifig an Phríomh-Arailt in Aibreán.

I mBealtaine d'fhreastail Fergus Gillespie, Katy Lumsden, Péintéir Arailt, agus Micheál Ó Comáin, Aralt Comhairleach, ar fháiltiú cathartha i mBéal Átha Beithe, Co. Mhuineacháin ag ar cuireadh i láthair armas nuachruthaithe do Bhéal Átha Beithe. I mBealtaine freisin thug Fergus Gillespie léacht ar Araltas do ghrúpa Ginealais Shligigh.

I Meitheamh thug Micheál Ó Comáin léacht do ghrúpa mac léinn as Arizona, Stáit Aontaithe Mheiriceá ar araltas agus i Meitheamh freisin thug Catherine Fitzpatrick, Aralt Coppermine ag Údarás Araltais Cheanada cuairt aon lae ar an Oifig.

Thug Katy Lumsden léacht thar ceann Anthony Wood, Uachtarán Chumann na nEalaíon Araltais, ag XXVIú Comhdháil Idirnáisiúnta d'Eolaíochtaí Ginealais agus Araltais a tionóladh in Bruges i Meán Fómhair.

I mí na Nollag phleanáil agus d'éascaigh Katy Lumsden ceardlann dhá lá ar Ealaín Araltais do ghrúpa de mhic léinn ealaíne agus ceardaíochta as an nGearmáin.

Collection Development

Gifts - A number of gifts were received this year including two heraldic seals from Anthony Wood, President of the Society of Heraldic Arts, relating to Richard of Gloucester (later Richard III) and Richard Beauchamp, Earl of Gloucester, for his Lordship of Bergavenny. The Office received some livery buttons from Anita Puigcerver. Other donors included André Cuffez, Thomas P Dungan, James B McCurley and Robert Leland Johnson.

Purchases - The Office bought a number of items to add to its collection this year. It acquired a caparison (horse's ceremonial trappings) dating from about 1735, which is believed to be the only example in Ireland. The caparison displays the coat of arms of its owner, William Tighe, MP who died in 1766. Tighe, who was Keeper of the Phoenix Park and Keeper of the Records, used the caparison in the Lord Mayor's Parade. An inspection has been undertaken by a fabric conservator and it is planned to restore this item and display it in the Heraldic Museum in due course.

The other major purchase of this year was ***Kennedy's Sketches***, an important armorial manuscript prepared by Patrick Kennedy, a herald-painter and later Pursuivant of Arms at the Office in the early-nineteenth century. It is known that this document was for a time owned by Sir Bernard Burke who used it in the compilation of the *General Armory*. In 1933 it was purchased by Father Wallace Clare, founder of the Irish Genealogical Society in England. An approach made to the Society by Micheál Ó Comáin on behalf of the Office resulted in its welcome return to Ireland.

Cataloguing and Processing

Archives - The listing of material donated to the Office relating to Thomas Ulick Sadlier, Registrar and Deputy Ulster King of Arms (1915-22, 1922-40) was completed during the year and is now available on the Library's website. Over 500 registered pedigrees were listed and re-housed in the strong room. Further non-current office files, mainly dating from the 1990s, were boxed, listed and removed to the strong room. A substantial amount of older Office material from the 1910s to the 1970s was also listed and re-housed.

GO manuscript collection - Following a stocktaking exercise carried out earlier in the year, a number of items were prioritised in terms of their conservation requirements. Some were rehoused in archival quality storage; others were withdrawn from use and are awaiting conservation work, while high-priority items have already been sent for conservation. Finally, the Betham Letters vols 1-25 (GO Ms 580-604) were all placed in archival folders.

Forbairt an Bhailiúcháin

Bronntanais - Fuarthas roinnt bronntanas i mbliana lena n-áirítear dhá shéala araltais ó Anthony Wood, Uachtarán Chumann na nEalaíon Araltais, a bhaineann le Richard of Gloucester (Risteárd III níos déanaí) agus Richard Beauchamp, Iarla Gloucester, don Tiarna Bergavenny. Fuair an Oifig roinnt cnaipí libhré ó Anita Puigcerver. Áirítear ar dheontóirí eile André Cuffez, Thomas P Dungan, James B McCurley agus Robert Leland Johnson.

Ceannacháin - Cheannaigh an Oifig roinnt míreanna le cur lena bhailiúchán i mbliana. Fuair sí caparasan (culathairt dheasghnách capaill) ó thart ar 1735, a cheaptar a bheith ar an aon sampla de in Éirinn. Léiríonn an caparasan armas a úinéara, William Tighe, MP a bhásaigh i 1766. Bhain Tighe, a bhí ina Choimeádaí ar Pháirc an Fhionnuisce agus ina Choimeádaí Taifead, úsáid as an gcaparasan i bParáid an Ard-Mhéara. Tá iniúchadh déanta ag caomhantóir uige air agus tá sé beartaithe an mhír seo a athchóiriú agus é a chur ar taispeáint sa Mhúsaem Araltais in am trátha.

Ba é an mórcheannach eile i mbliana ná Kennedy's Sketches, lámhscríbhinn tábhachtach armasach a d'ullmhaigh Patrick Kennedy, péintéir arailt agus Fo-Oifigeach Armais san Oifig i dtús an 19ú haois, go príobháideach. Tharla athrú úinéireachta roinnt uaireanta ar an doiciméad sin agus bhí sé seal faoi úinéireacht Sior Bernard Burke a d'úsáid é i dtiomsú na hArmlainne Ginearálta. I 1933, cheannaigh an tAthair Wallace Clare, bunaitheoir Chumann Ginealais Éireann i Sasana, é. Chuaigh Micheál Ó Comáin chun cainte leis an gCumann thar ceann na hOifige agus ba é an toradh a bhí air gur tugadh ar ais go fáiltiúil go hÉirinn é.

Catalógú agus Próiseáil

Cartlann - Tugadh go leor oibre ar thaifid Oifig an Phríomh-Arailt chun críche i mbliana. Críochnaíodh an liosta den ábhar a bronnadh ar an oifig a bhain le Thomas Ulick Sadlier, Cláraitheoir agus Leas-Mhórmhaor Armais Uladh (1915-1922, 1922-1940). Tá an liosta sin ar fáil anois ar láithreán gréasáin an NLI. Liostaíodh os cionn 500 ginealach cláraithe agus cuireadh i seomra daingean iad. Cuireadh comhaid oifige neamhreatha eile i mboscaí, liostaíodh iad agus aistríodh go dtí an seomra daingean iad. Ba ó na 1990idí den chuid is mó iad. Liostaíodh méid suntasach d'ábhar oifige níos sine ó na 1910idí go dtí na 1970idí freisin agus cuireadh chuig an seomra daingean iad. Leanann an t-ábhar sin de bheith ag cruthú íomhá faoin gcaoi a raibh an Oifig le hoibriú inti i rith na dtréimhsí éagsúla de mhórchlaochlú polaitíochta agus athruithe riaracháin.

Bailiúchán lámhscríbhinní GO - Eagraíodh stocáireamh níos túisce i mbliana agus mar thoradh air sin tugadh tosaíocht do roinnt míreanna ó thaobh riachtanais chaomhnaithe de. Cuireadh roinnt míreanna isteach i stóras ardchaighdeáin cartlainne, aistarraingíodh míreanna eile ó úsáid agus tá siad ag feitheamh ar obair chaomhnaithe, agus tá na míreanna ardtosaíochta curtha chuig caomhnú cheana. Cuireadh Litreacha Betham go léir imleabhair 1-25 (Ls GO 580-604) i bhfillteáin chartlainne.

06

Special Projects

Ordnance Survey of Ireland Map Conservation Project

The Ordnance Survey of Ireland (OSI) Map Conservation Project completed treatment of six-inch second edition maps for Antrim and Wexford, and all six-inch second edition maps for Carlow, Clare, Laois, Leitrim, Limerick, Longford, Mayo, Monaghan, Roscommon, Waterford, Westmeath and Wexford were fully processed. Work commenced on the 25-inch maps; selected volumes for counties Monaghan, Carlow, Cork and Westmeath were fully processed during the year, and work on volumes for Kilkenny, Sligo, Leitrim, Monaghan, Offaly and Westmeath was begun.

Maps from 45 volumes were removed from substandard bindings; were then cleaned, repaired and rehoused in archival quality folders and stored in new map cabinets. By the end of the year, 2,861 maps were fully processed and 379 were partially processed, thus bringing the total to just under 12,000 maps since the project began. All processed maps were entered into a database in order to provide an accurate record of the Library's OSI map holdings and improve bibliographic control of the collection.

Digitisation - In 2004, the Library began contributing to the major digitisation project run by the OSI, the first phase of which aims to cover the early Ordnance Survey output including first editions of six-inch and 25-inch maps. During the year, the Library's complete set of six-inch first edition maps (with railway additions) for Cork and Kerry were scanned by the OSI as part of this project. Digital versions should be available during 2005, when it is envisaged that the first phase of the project will be launched. Digitisation of these maps, which had already been treated in the Library's conservation project and were therefore in optimum condition for copying, will ultimately lead to greatly improved public access to historic OSI maps.

Music Library Project

The provision of information on the Library's music collections was considerably enhanced as a result of the inclusion of an improved and updated music page on the Library's website. Progress also continued on the cataloguing of music from the Library's backlog. A total of 1,633 original and downloaded catalogue records were added to the Library's online catalogue.

Ms Úna Hunt, acting in a consultancy capacity, completed a census of Irish composers and their work. This will enable the Library to identify gaps in its collection and will assist in the formulation of a music collection policy.

Microfilming of eighteenth century collections

As a result of the very successful pilot project undertaken in 2003, work recommenced in September 2004 on microfilming some 3,275 unique holdings from the Library's eighteenth-century printed book collections. The Gale Group will publish the Microfilms in its *Eighteenth Century Collections Online (ECCO)* series. We are grateful to the Gale Group for the services of Loig Thivend, an experienced camera operator and to Library staff for their work in the retrieval of the unique material selected for filming, as the careful identification of items is absolutely essential.

In the four-month period September to December 66,886 pages were filmed, covering 212 items. Of this figure, 56 titles were filmed in the category of religion and 156 titles in the category of history. It is expected that the project will take 18 months to complete. The books filmed reflect an era when frontiers of travel were being expanded, and when mathematicians and scientists were making advances in scientific knowledge and as well as significant progress in mapping the globe. They also reflect an awareness of how these new scientific ideas were to be conveyed to young people. Interesting examples on these themes are *Outlines of geography and history intended for the use of schools with an introduction by Miss Kennedy* published in Dublin in 1799, and a book donated by a former Director of the Library, TW Lyster, entitled *Chronology made familiar and easy to Young Gentlemen and Ladies. To which is added a table of the most memorable Events from the beginning of the World to the present Time.*

When the material has been digitised, following the completion of filming, these eighteenth-century books will be available on the Internet and we will be in a position to withdraw vulnerable original material from circulation.

The Clare Journal,

AND ENNIS ADVERTISER.

VOL. 99 THURSDAY, JANUARY 6, 1876.

WINTER STOCK

BOOTS! BOOTS!! BOOTS!!!

BOOTS AND SHOES.

JAMES TUOHY'S

READY-MADE CLOTHING

TWEEDS & QUATEENS

JAMES TUOHY'S

A CLEAN SWEEP

AMERICA

HOLLOWAY'S PILLS

STEDMAN'S TEETHING POWDERS

STEDMAN-PHILLIPS TONIC DROPS

STEDMAN'S COUGH TINCTURE

Volume VI. FOSTER PARSONS. Number 538

The Ennis Chronicle.

MONDAY, March 2, 1789.

Irish House of Commons

TUESDAY, February 24.

COMMITTEE OF SUPPLY.

The Right Hon. J. M. Hart was in the chair.

THE Chairman having read the accounts of the city, and the Lord Lieutenant's speech.

The CHANCELLOR of the EXCHEQUER began with taking a comprehensive view of the resources of the country for the last year, as to its revenue, its wealth, and its expenses, expected in Ireland for the last year to the sum of [illegible], and of which there should be allowed the sum of [illegible], paid for arrears of debts due on account of government; that the actual expenditure of revenue would be reduced to [illegible]. He suggested that a fund at the disposal and expenditure of this country for their local purposes, he felt and felt a matter of congratulation to find that it is in a position to a much better footing than it has been, though the revenue for the last year was exceedingly unpromising; for, from the amount of Mr. Newenham's bill of [illegible], [illegible] all which should be deducted [illegible] on account of arrears and [illegible] for [illegible] which would reduce the actual amount to [illegible]. Having gone through the Revenue of Ireland, he came to the Civil and Military Establishments, the Irish Salaries, the Pensions, the Salaries, and the Additional Salaries, he proceeded to state the amount of the revenue for the past year: Civil [illegible], Military including general officers, pensions, [illegible], [illegible], [illegible],

06

Tionscadail Speisialta

PAGES 56 AND 57
TITLE PAGES OF TWO CLARE NEWSPAPERS MICROFILMED DURING 2004 AS PART OF THE NEWSPLAN PROJECT
(SEE PAGES 63 AND 64)

Tionscadal Chaomhnú Léarscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann

Chríochnaigh Tionscadal Chaomhnú Léirscáileanna Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann an chóireáil ar na léirscáileanna sé orlach den dara eagrán d'Aontroim agus Loch Garman, agus rinneadh lánphróiseáil ar léirscáileanna sé orlach den eagrán do Cheatharlach, An Clár, Laois, Liatroim, Luimneach, An Longfort, Maigh Eo, Muineachán, Ros Comáin, Port Láirge, An Iarmhí, agus Loch Garman. Cuireadh tús leis an obair ar léirscáileanna 25 orlach agus rinneadh lánphróiseáil ar imleabhair roghnaithe do chontaetha Mhuineacháin, Cheatharlach, Chorcaí agus na hIarmhí i rith na bliana agus táthar i mbun oibre ar imleabhair do Chill Chainnigh, Sligeach, Liatroim, Muineachán, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí.

Baineadh léirscáileanna ó 45 imleabhar amach as ceangal a bhí faoi bhun an ghnáthchaighdeáin. Glanadh iad, deisíodh iad agus cuireadh i bhfillteáin ar ardchaighdeán chartlainne iad agus stóráileadh i gcaibinéid nua léarscáileanna iad. Faoi dheireadh na bliana bhí 2,861 léarscáil lánphróiseáilte agus 379 páirtphróiseáilte, ag tabhairt an iomláin go dtí díreach faoi 12,000 léarscáil ó thosaigh an tionscadal. Cuireadh gach léarscáil phróiseáilte isteach i mbunachar sonraí chun taifead cruinn a choimeád de shealúchais léarscáileanna OSI na Leabharlainne agus chun feabhas a chur ar rialú bibleagrafaíocha an bhailiúcháin.

Digitiú - I 2004, thosaigh an Leabharlann ag cur le mórthionscadal digitithe a bhí á rith ag an OSI, a bhfuil sé d'aidhm ag Céim I de aschur luath na Suirbhéireachta Ordanáis lena n-áirítear na léarscáileanna chéad eagráin sé orlach agus 25 orlach a chlúdach. I rith na bliana, rinne an OSI sraith iomlán de léarscáileanna sé orlach 1ú eagrán (le breisithe iarnróid) na Leabharlainne do Chorcaigh agus do Chiarraí a scannadh mar chuid den tionscadal seo. Ba chóir go mbeadh leaganacha digiteacha ar fáil i rith 2005 nuair a shamhlaítear go seolfar Céim 1 de thionscadal an OSI. Tá cóireáil déanta ar na léarscáileanna sin cheana i dtionscadal caomhnaithe na Leabharlainne agus dá bhrí sin bhí siad i riocht den scoth le haghaidh cóipeála. Tabharfaidh digitú faoi dheireadh rochtain phoiblí i bhfad níos fearr ar léarscáileanna stairiúla an OSI.

Tionscadal na Leabharlainne Ceoil

Cuireadh go mór le soláthar faisnéise ar bhailiúcháin ceoil na Leabharlainne trí leathanach ceoil feabhsaithe agus cothrom le dáta ar láithreán gréasáin na Leabharlainne. Leanadh den dul chun cinn ar chatalógú an cheoil ó ualach siar na Leabharlainne. Cuireadh 1633 taifead catalóige bunaidh agus íoslódáilte le chatalóg ar-líne na Leabharlainne.

Thug Úna Hunt, Uasal, ag gníomhú in acmhainn chomhairleach, daonáireamh ar chumadóirí na hÉireann agus a gcuid saothair chun críche. Cuirfidh sé sin ar chumas na Leabharlainne bearnaí a aithint ina bhailiúchán agus cabhróidh sé le polasaí bailithe ceoil a cheapadh.

Micreascannánú ar bhailiúcháin ón ochtú aois déag

Mar thoradh ar thionscadal píolótach an-rathúil a rinneadh i 2003, cuireadh tús an athuair i Meán Fómhair 2004 ar mhicreascannánú a dhéanamh ar 3,275 sealúchas uathúil ó bhailiúcháin Leabhair Chlóite ón ochtú aois déag na Leabharlainne. Foilseoidh an *Gale Group* na Micreascannáin ina shraith *Eighteenth Century Collections Online (ECCO)*. Táimid fíorbhuíoch den Gale Group as seirbhísí Loig Thivend, oibrí ceamara a bhfuil taithí maith aige. Baineann tiomantas oibre an-mhór ó fhoireann na Leabharlainne leis an tionscadal freisin, ó thaobh an t-ábhar uathúil a iarrtar do scannánú a fháil mar go bhfuil aithint chúramach na míreanna bunriachtanach.

Sa tréimhse ceithre mhí ó Mheán Fómhair go Nollaig rinneadh scannánú ar 66,886 leathanach ag clúdach 212 mír. Den fhigiúr sin, rinneadh scannánú ar 56 teideal sa chatagóir creidimh agus 156 teideal sa chatagóir staire. Meastar go dtógfaidh sé ocht mí dhéag an tionscadal a chríochnú.

Léiríonn na scannáin a bhfuil scannánú déanta orthu ré nuair a bhí na teorainneacha taistil á leathnú agus nuair a bhí matamaiticeoirí agus eolaithe ag déanamh dul chun cinn ollmhór in eolas eolaíochtúil agus i mapáil an domhain. Tá feasacht freisin ann faoin tslí a bhfuil na smaointe nua eolaíochta seo le cur in iúl don aos óg. Samplaí suimiúla de na téamaí sin ná *Outlines of geography and history intended for the use of schools with an introduction by Miss Kennedy* a foilsíodh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1799, agus leabhar a bhronn iarStiúrthóir na Leabharlainne, T W Lyster, dar teideal *Chronology made familiar and easy to Young Gentlemen and Ladies. To which is added a table of the most memorable Events from the beginning of the World to the present Time*.

Nuair a bheidh an t-ábhar digitithe, tar éis an scannánú a chríochnú, beidh na leabhair ón ochtú aois déag sin ar fáil ar an idirlíon ar shlí nach bhféadfadh an dream a chruthaigh ar dtús iad a shamhlú, agus féadfar ábhar bunaidh íogaireach a tharraingt siar ó chúrsaíocht.

07

Preservation and Conservation

Conservation staff were obliged to devote a greater proportion of their time to exhibition preparation in 2004 than they had had to in any previous year. In addition to the work involved in documenting, conserving, mounting and installing all original items exhibited in the *James Joyce and* Ulysses *in the National Library of Ireland* exhibition, the *Mirror of Ireland* exhibition in the National Photographic Archive consisted almost entirely of original material. Several other exhibitions also included significant numbers of original items, including *Dubliners*, *The Past in Camera*, and *Achieving Lightness: the Patrick Kavanagh Centenary Exhibition*. Consequently, work on other conservation and preservation projects was restricted.

The Joyce exhibition was, of course, the most ambitious ever undertaken by the Library and conservation staff were called upon to advise on the design and purchase of a new suite of display cases, and to research, design and commission book cradles and display stands.

In the early part of the year, exhibition preparations ran in tandem with a period of intense activity in relation to plans and specifications for the proposed repository building. In the latter part of the year, this dual-focus approach was switched to the preparation and execution of the Gaelic Manuscripts microfilming project.

Further additions to the repertoire of disaster response materials and equipment were made most significantly, with the purchase of large capacity industrial wet vacuums.

Within Library collection areas, key conservation projects undertaken during the year included the following:

Printed books

A variety of approaches were taken to contribute to the overall goal of conserving and preserving the printed books collections. For newly catalogued collections, the labelling and numbering system for new books was further refined; relevant training in basic preservation processes was provided for staff cataloguing the O'Kelley gift and the Iremonger collection. Conservation staff cleaned a particularly vulnerable section of the O'Kelley gift and the Fitzgerald collection of printed books and pamphlets, prior to cataloguing. A group of posters and broadsides, which form part of the Clodd collection, was mounted and housed to full archival standard.

Projects relating to existing collections were wide-ranging, with examples including a pilot project successfully undertaken to produce a hardcopy archival surrogate of the heavily accessed *List of persons who suffered losses of property – 1798* and the conservation assessment of a proposal to microfilm seventeenth-century Civil War pamphlets.

In July, a major preservation project was initiated to improve the condition and long-term stability of the Library's valuable collection of art books. Inadequate storage and poor handling have combined with the inherently vulnerable nature of these large volumes to disastrous effect. In the first instance, all volumes were cleaned and tied where necessary in order to secure loose or detached boards and spines. The majority of the collection was re-shelved and over 300 of the most vulnerable items phase-boxed. Work will continue on the project during 2005, when it is hoped that the remainder of the collection will be re-shelved and the largest items stored horizontally.

07

Buanchoimeád agus Caomhnú

B'éigean don fhoireann caomhnaithe cion níos mó dá gcuid ama a chaitheamh le hullmhú taispeántais ná mar a rinneadh in aon bhliain roimhe sin. Chomh maith leis an obair a bhain le doiciméadú, caomhnú, feistiú agus suiteáil gach mír bhunaidh a bhí ar taispeáint sa taispeántas *James Joyce agus Ulysses i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*, bhí an taispeántas *Mirror of Ireland* sa Chartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta comhdhéanta beagnach go hiomlán d'ábhar bunaidh. Bhí líon suntasach de mhíreanna bunaidh i roinnt taispeántas eile, lena n-áirítear *Dubliners, The Past in Camera agus Achieving Lightness – Patrick Kavanagh Centenary Exhibition*. Mar thoradh air sin bhí obair ar thionscadail caomhnaithe agus buanchoimeádta eile teoranta.

Bhí taispeántas Joyce, ar ndóigh, ar an gceann b'uaillmhianaí a rinne an Leabharlann riamh agus iarradh ar an bhfoireann chaomhnaithe comhairle a thabhairt ar dhearadh agus ar cheannach shraith nua de chásanna taispeána, agus taighde, dearadh agus coimisiúnú a dhéanamh ar chliabháin leabhair agus ar sheastáin taispeána.

Sa chéad chuid den bhliain bhí ullmhúcháin taispeántais ar siúl ag an am céanna le tréimhse de ghníomhaíocht láidir i ndáil le pleanáil agus sonrú an stórais bheartaithe. Sa chuid deiridh den bhliain athraíodh an cur chuige défhócais seo go dtí ullmhúcháin agus feidhmiú an tionscadail mhicreascannánaithe ar Lámhscríbhinní Gaelacha.

Rinneadh breisithe eile leis an stór agus trealamh freagartha ar thubaistí go suntasach nuair a ceannaíodh fliuchfholúis thionsclaíocha le hacmhainn mhór.

Chomh maith leis an obair sin, laistigh de réimsí bailithe na Leabharlainne, tá príomhthionscadail chaomhnaithe a rinneadh i rith na bliana leagtha amach thíos, de réir réimse bailiúcháin.

Leabhair Chlóite

Glacadh roinnt cur chuigí chun cur leis an sprioc fhoriomlán na bailiúcháin leabhar clóite a chaomhnú agus a bhuanchoimeád. Do bhailiúcháin nua-chatalógaithe, rinneadh an córas lipéadaithe agus uimhrithe do leabhair nua a mhionfheabhsú tuilleadh agus cuireadh an oiliúint iomchuí i bpróisis bhunúsacha buanchoimeádta ar fáil don fhoireann a bhí ag catalógú bhronntanas O'Kelley agus bhailiúcháin Iremonger. Ghlan an fhoireann chaomhnaithe cuid a bhí sách íogaireach de bhronntanas O'Kelley agus de bhailiúchán Fitzgerald de leabhair chlóite agus de phaimfléid sula ndearnadh catalógú orthu. Feistíodh grúpa póstaeir agus mórbhileog a bhí mar chuid de bhailiúchán Clodd agus cumhdaíodh iad le lánchaighdeán cartlainne.

Bhí tionscadail a bhaineann le bailiúcháin atá cheana ann leathanréimseach agus éagsúil agus áirítear ar na samplaí: tionscadal píolótach a rinneadh go rathúil chun ionad cartlainne cruachóipe a sholáthar de *"List of persons who suffered losses of property – 1798"* a bhfuil rochtain mhór air agus an measúnú caomhnaithe ar thogra paimfléid Cogaidh Cathartha ón seachtú aois déag a chur ar mhicreascannán.

I mí Iúil, tionscnaíodh mórthionscadal caomhnaithe chun feabhas a chur ar riocht agus ar chobhsaíocht fhadtéarmach bhailiúchán luachmhar de leabhair ealaíne an Leabharlainne. Tá tionchar tubaisteach ag stóráil mhíchuí agus drochláimhseáil mar aon le nádúr íogaireach na n-imleabhar mór sin. Ar an gcéad dul síos, glanadh gach imleabhar agus ceanglaíodh iad nuair ba ghá chun cláir nó dromanna ar bogadh nó a bhí scaoilte a dhaingniú. Cuireadh formhór an bhailiúcháin ar ais ar sheilfeanna agus cuireadh os cionn 300 de na míreanna is íogairí i gcéimbhoscaí. Leanfar den obair ar an tionscadal i rith 2005 agus táthar ag súil go gcuirfear an chuid eile den bhailiúchán ar ais ar sheilfeanna agus go mbeidh na míreanna is mó stóráilte go cothrománach.

Planning and research was undertaken for a second book preservation project focusing on the Library's rare book collections. This work is a conservation priority and it is hoped that progress will be made during 2005.

Manuscripts - The programme of phase-boxing recently catalogued volumes recommenced towards the end of 2004 with 48 volumes boxed and preparations for a further 203 volumes completed.

Approximately 40 parchment items from the Westport House Papers were cleaned, flattened and mounted to conservation standards. This collection's ongoing specialised housing requirement was addressed as necessary during the year, as was that of the Lismore Papers. A solution to the ongoing difficulties in relation to the safe in-house reproduction of manuscript items continued to be investigated and it is hoped that a new system will be in place early in 2005.

Conservation and rebinding work on ten manuscript volumes was carried out in the Delmas Bindery during the course of the year.

A project for the filming or re-filming of all the Library's Gaelic manuscripts was put in train at the end of the year and filming of Mss G 1-199 inclusive, was completed. In addition, a further ten Gaelic manuscripts were digitised during the year in collaboration with the Irish Scripts on Screen (ISOS) project. A total of 31 Library manuscripts have now been digitised as part of the ISOS project.

Periodicals and Newspapers

A total of €38,755 was spent on binding periodical material. This expenditure covered the binding of 468 newspaper volumes, 167 drill-bound periodical volumes and 48 fully bound periodical sequences. A further 331 items were also bound in-house. A total of €3,718 was spent on the acquisition of acid-free boxes for the storage of loose issues of periodicals and current newspapers, and €1,906 was spent on the storage of disbound historic newspapers which were microfilmed as part of the Newsplan project.

NEWSPLAN - The Microfilm Unit produced 340 reels of microfilm in 2004. The newspapers filmed included eighteenth and nineteenth century files of *The Ennis Chronicle*, *The Saturday Record* and *The Clare Journal*. We are grateful to the publishers of the *Clare Champion* newspapers for lending their unique files of these newspapers for this filming project.

Sales of microfilm to county libraries and private individuals generated income of €12,275. Sales to commercial companies totalled €37,202.

Microfilm Unit - Based on the progress made with the 2003 pilot project, conservation staff continued to act in an advisory capacity in relation to Newsplan and the microfilming of eighteenth-century collections. In addition, all eighteenth-century titles were examined prior to filming in order to ensure that particularly vulnerable items could be identified and minor conservation treatments carried out.

Photographs

The collection of unique cased daguerrotypes and ambrotypes held at the Archive was re-housed using specialised nitrogen-expanded foam; this

Rinneadh pleanáil agus taighde don dara tionscadal caomhnaithe leabhar ag díriú ar bhailiúchán de leabhair neamhchoitianta na Leabharlainne. Is tosaíocht caomhnaithe í an obair seo agus táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn i rith 2005.

Lámhscríbhinní - Cuireadh tús an athuair ag deireadh na bliana leis an gclár chun imleabhair a ndearnadh catalógú le déanaí orthu a chur i gcéimbhoscaí agus tá 48 i mboscaí agus ullmhúcháin críochnaithe do 203 eile.

Glanadh, cothromaíodh agus feistíodh thart ar 40 mír pháir ó Pháipéir Theach Chathair na Mart go dtí caighdeáin caomhnaithe. Tugadh aghaidh ar riachtanas speisialta cumhdaithe leanúnach an bhailiúcháin sin de réir mar ba ghá in imeacht na bliana, faoi mar a rinneadh le Páipéir Leasa Móire. Leanadh d'imscrúdú ar réiteach a fháil ar na deacrachtaí leanúnacha i ndáil le hatáirgeadh sábháilte intí ar mhíreanna lámhscríbhinní agus táthar ag súil go mbeidh córas nua ann i dtús 2005.

Rinneadh obair chaomhnaithe agus athcheangail ar deich n-imleabhar lámhscríbhinní i gCeanglann Delmas i rith na bliana.

